# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN TEASTAS SÓISEARACH 2018

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR

# ARDLEIBHÉAL

**SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2018**

**STAIR - ARDLEIBHÉAL**

**MODHANNA NA MARCÁLA**

1. Is éard a bheidh i gceist i modh na marcála:

   Na freagraí ar fad a léamh go cúramach agus anailís chúramach a dhéanamh orthu.
   Marcanna a dháileadh ar na comhpháirteanna de réir na scéime comhaontaithe.
   Na marcanna a chur leis agus aird á tabhairt ar:

   (i) an t-uasmhéid in aghaidh na roinne;
   (ii) an t-uasmhéid in aghaidh ceiste.

2. **Comhpháirteanna**

   Fíricí

   (i) Sonraí a chuirtear i láthair i bhfoirm radharcach a aithint;
   (ii) Fíricí a lua.

   Ráiteas Iomchuí (RI)

   (i) Fíric, gné nó céim thábhachtach a bhaineann leis topaic;
   (ii) Míniú ar théarma nó ar choincheap a bhaineann leis an topaic;
   (iii) Léirmhíniú, tuairim, barúil, breithiúnas bailí a bhaineann leis an topaic;
   (iv) 2/3 de ráitis fíorais thrialacha, etc;
   (v) Cúis / éifeacht thábhachtach;
   (vi) Léarscáil / léaráid ábhartha a bhaineann le hábhar (d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ná RI amháin ag dul don léarscáil nó léiriú);
   (vii) Ábhar tosaigh bailí.

3. **Marcáil**

   (a) Bronntar na marcanna seo a leanas ar fhreagraí:
   (i) Marc carnach (MC);
   (ii) Marc san Iomlán (MI);

   (b) **An Marc Carnach** (MC);

Ag tosú ag tús an fhreagra, cuir tic soiléir (√) le gach fíric nó RI. Bronn an marc/marcanna atá comhaontaithe ar an scéim marcála as gach fíric nó RI.

(c) **Marc san Iomlán** (MI);
Agus breithiúnas á dhéanamh ar an MI, ní mór don scrúdaitheoir cáilíocht na ceiste a chur san áireamh i bhfianaise na ceiste socraithe.

<u>Ní mór an t-iomlán a bhronnfar as MC agus MI a thaispeáint astu féin e.g. 5+2 = <7</u>

(d) Cuir iomlán na marcanna ar gach cuid den cheist ar imeall na láimhe deise: ní mór ceithre mharc a thaispeáint mar <**4.** Téigh ar aghaidh agus marcáil an chuid eile ansin. Cuir móriomlán na ceiste, mar shampla (30), ar imeall na láimhe clé in aice le huimhir na ceiste.

(e) Léigh na ceisteanna ar fad, fiú ceisteanna breise, ceisteanna athdhéanta nó ceisteanna cealaithe. Glactar leis an bhfreagra a fhaigheann na marcanna is mó, laistigh de rúibricí an scrúdpháipéir.

**N.B. Úsáidtear 'Etc.' sa Scéim Marcála chun a léiriú go bhféadfaí glacadh le freagraí eile; i ngach cás eile, ní fhéadfar marcanna a bhronnadh ach ar an bhfreagra a tugadh sa scéim nó 'focail chun na críche sin'.**

**STAIR AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH**
**Scéim Marcála Ardleibhéil 2018**

1. **PICTIÚIR** (15 mharc)

(a) Pictiúr A: ***Fulacht Fiadh an Droma Bhig***

(i) Láthair chócaireachta/ Modh cócaireachta/ Grúdaireacht — 1M

(ii) Théití na clocha i dtine agus chuirtí in uisce an Fhulachta Fhiadh iad chun an teocht a ardú go leor chun feoil a chócaráil go mall/ Chun a chinntiú go bhfanfadh an t-uisce san umar
Míniú bailí **AMHÁIN.** — 2M

(iii) Ráth (nó lios)/ Ráth cloiche (nó caiseal/cathair/ dún)
Crannóg/ Dún cnoic/ Dún ceann tíre.
**DHÁ** chineál áite cónaithe ar bith. — 1 +1 = 2M

(b) Pictiúr B: ***Long ó thuras farraige Da Gama chun na hIndia, 1498***

(i) Carbhal — 1M

(ii) Seolta laidineacha/ Clinse / Cíle éadomhain/ Stiúir/ Caiseal tosaigh
**DHÁ** ghné den charbhal — 1 + 1 =2M

(iii) Compás/ Astraláib/ Ceathramhán / Luasmheá agus líne/ Orláiste/ Cairt, etc.
**DHÁ** uirlis loingseoireachta ar bith — 1 + 1 = 2M

(c) Pictiúr C: ***Póstaer d'olltoghchán na hÉireann 1932***

(i) Chun (boinn) síocháin agus rathúnas a chinntiú/ Chuirfeadh vóta d'Fhianna Fáil bonn faoi chúis lofa — 1M

(ii) Mar gur cúis lofa a bhí acusan/ Mar go bhfuil an Teach a thóg Dev neamhshlán/ Rinne Fianna Fáil mionnú éithigh/ Cuireadh an locht orthu as an gCogadh Cathartha/ Míniú éigin ar "Foirmle Fholamh" — 2M

(iii) WT Cosgrave — 2M

2. **DOICIMÉID** (15 mharc)

(a) ***Sliocht as Dialann Ghorta Gerard Keegan, 1847***

(i) (Thar) cúig chéad 1M

(ii) (Trí lá de chion) brioscaí farraige 1M

(iii) Níl áit ar bith do leath na bpaisinéirí le dul a chodladh don oíche/ Thriall na paisinéirí sin sos a ghlacadh ar (bearta agus brollaigh) urlár na stírise/ Tá na boilg dorcha agus diamhair/ Tá na boilg feistithe le buinc chaola inaistrithe/ Níl soilse ar bith ann/ níl sliosphoill ar bith ann/ agus níl aerú ar bith ann
**DHÁ** shampla ar bith de dhálaí ar bord 1 + 1 = 2M

(iv) Is é tríocha a trí orlach ar leithead lamháil dhlíthiúil an spáis do phaisinéirí ach ar bord Naparima níl ann ach an leath sin 2M

(v) Buntáiste bailí **AMHÁIN** le dialanna mar fhoinse staire = 1M
Míbhuntáiste bailí **AMHÁIN** le dialanna mar fhoinse staire = 1M
1 + 1 = 2M

(b) ***Agallamh le Giles Peress a ghlac grianghraif ar Dhomhnach na Fola, Doire, Eanáir, 1972***

(i) An Creagán (Eastát) 1M

(ii) Canóin uisce 1M

(iii) Thug sé an Ola Dhéanach dó (Barry McGuigan) nó thosaigh sé ag tabhairt na hOla Déanaí dó 1M

(iv) Bhí grianghraif á nglacadh aige mar gurbh sin an jab a bhí aige mar iriseoir grianghraf (1M) agus bhí sé ag caoineadh mar go tocht air leis an méid a raibh feicthe aige (1M) 1 + 1 =2M

(v) (Mar strainséir) bhreathnódh ar a chuid grianghraf mar neamhspleách agus luachmhar do staraí ar bith nó d'fhiosrú ar bith níos déanaí.
"Príomhfhoinse" leis féin = 1M 2M

3. **CEISTEANNA LE FREAGRAÍ GAIRIDE** (20 marc)

Tabhairt marcanna don deich **bhfreagra** is fearr thíos. Is fiú 2 mharc ar a mhéad gach ceist.

(i) An tréimhse roimh thaifid/stair scríofa 2M

(ii) An fhianaise a chros-seiceáil/ Iontaofacht an ábhair a thástáil/ Claontacht a sheachaint
Cúis bhailí **AMHÁIN** 2M

(iii) Sagart/ Freagrach as gach deasghnáth reiligiúnach/ Fáidheadóir/ Saoi/ Fealsamh/ Dochtúir, etc. 2M

(iv) Ba iad bá an tráchtearra ba luachmhaire in aimsir na gCeilteach/ Foirm airgeadra/ Léiriú stádais / Léiriú saibhris. (**Le haghaidh bia = 1m amháin**). 2M

(v) Péitse/ Scuibhéir/ Dubáil.
**DHÁ** chéim bhailí i dtraenáil 1 + 1 =2M

(vi) NB: "feidhmeanna". Caighdeáin a leagan síos/ Gnó a rialú/ Tástálacha a shocrú do cheardaithe/ Aire a thabhairt do sheancheardaithe nó ceardaithe tinne etc.
**DHÁ** fheidhm bhailí chuallachta 1 + 1 =2M

(vii) Caisleáin/ Bailte úra/ Sloinnte úra/ Idirphósadh le hÉireannach/ Córas feodach/ Modhanna úra cogaíochta/ Deoisí agus paróistí / Tugadh an Béarla nó an Fhraincis isteach, etc.
**DHÁ** éifeacht bhailí na Normannach ar Éirinn 1 + 1 =2M

(viii) Bhíodh daoine saibhre sásta urraíocht a thabhairt d'ealaíontóirí/ Bhíodh iarsmaí Rómhánacha ina n-inspioráid/ I ndiaidh Thitim Constantinople in 1453, theith a lán scoláirí go dtí an Iodáil lena lámhscríbhinní Gréagacha agus Rómhánacha, etc.
**DHÁ** chúis bhailí. 1 + 1 = 2M

(ix) Chun smacht a fháil ar an trádáil spíosraí/ Chun saibhreas a ghnóthú/ Lena n-impireachtaí a leathnú/ Chun an Chríostaíocht a leathadh/ Chun bealach ar muir chuig Oileán na Spíosraí a aimsiú
**DHÁ** chúis bhailí. 1 + 1 = 2M

(x) Incas. 2M

(xi) Athrú ar an aois phósta/ Feabhsuithe ar chúram sláinte/ Méadú ar bhreitheanna/ Rathúnas eacnamaíoch/ Tabhairt isteach vacsaíní/ Aiste bia níos fearr, etc.
**DHÁ** chúis bhailí le méadú ar dhaonra na Breataine. 1 + 1 = 2M

(xii) Gluaiseacht an imfhálaithe/ Córas uainíocht 4-pháirc na mbarr/ Pórú roghnach/ Síoladóir/ Grafóg chapaill/ Buainteoir meicniúil/ Deireadh leis na coimíneachtaí/ Bunaíodh coláistí tréidliachta.
**DHÁ** fheabhsú. 1 + 1 = 2M

(xiii) An Chuntaois Markievicz/ Kathleen Clarke/ Hanna Sheehy Skeffington/ Kathleen Lynn/ Molly Childers/ Margaret Skinnider/ Min Ryan/ Rosie Hackett/ Helena Molony/ Nellie Gifford/ Elizabeth O'Farrell/ Mary Spring Rice/ Rose McNamara, etc
Bean **AMHÁIN** ar bith a raibh páirt mhór aici in Éirí Amach 1916 2M

(xiv) Bhunaigh sé Tuaisceart Éireann ar leith/ Réitigh sé an bealach le haghaidh críochdheighilte 2M

(xv) Údar an Chéad Chláir um Fhorleathnú Eacnamaíoch/ Tharraing sé plean a rinne Éire níos rathúla/ D'úsáid Lemass a smaointe chun Éire a nuachóiriú, etc. 2M

(xvi) Ní raibh na Stáit Aontaithe ina mball/ Ní raibh airm ar bith aige chun a chinntí a fhorfheidhmiú/ Ní raibh cead ag an nGearmáin bheith páirteach ann go dtí 1926 / Ní raibh an tAontas Sóivéadach ina bhall ann go dtí 1934 / Rinne na tíortha is cumhachtaí neamhaird de nuair a d'oir sé dóibh sin a dhéanamh, etc.

Míniú ar laige **AMHÁIN** 2M

(xvii) (Benito) Mussolini 2M

(xviii) Dlíthe cine frith-Ghiúdach/ Cosc ar phósadh idir Gearmánaigh agus Giúdaigh/ Baineadh a saoránacht Ghearmánach de na Giúdaigh/ Cuireadh iallach ar Ghiúdaigh Réalta Dháiví a chaitheamh (mar shiombail dá bhféiniúlacht).
Sainmhíniú bailí **AMHÁIN** 2M

(xix) An tSeicslóvaic 2M

(xx) Mhéadaigh ioncam feirmeacha nuair a chuathas isteach sa CEE / Fuair níos mó feirmeoirí innealra feirme nua-aimseartha / Fuair níos mó feirmeoirí carranna agus mar sin bhí níos mó soghluaisteachta acu / Titim thobann ar an líon feirmeacha a bhí an-bheag/ D'éirigh tarracóirí bainte móra níos suntasaí agus níos suntasaí / Laghdú ar na líonta ag obair ar an talamh/ Scéimeanna Cosanta Comhshaoil Tuaithe/ C.A.P./ Leictriú tuaithe, etc. 1 + 1 = 2M

**4. DAOINE SA STAIR** (40 marc)

Tabhair freagra ar cheann **AMHÁIN** ó A agus ar cheann **AMHÁIN** ó B.

Marcáil ar phrionsabal an RI (Ráiteas Iomchuí).
Gach RI = 2 Mharc. [Is féidir 1 Mharc a bhronnadh as RI neamhiomlán – ach **ag deireadh cuntais amháin.]**

**Marcanna: MC Uasta = 16** [Treoir Ábhar: 2M x 8 = 16] **MI Uasta = 4**

Bain úsáid as an scála seo a leanas agus MI á bhronnadh:

**AN-MHAITH = 4M; GO MAITH = 3M; MEASARTHA = 2M; LAG = 1M**

Faigheann ceist an-mhaith 4 MI – ní chaithfidh sé a bheith ar fheabhas.
Bronn 1 MI as an topaic a aithint mar is ceart.

**Mura bhfuil an freagra ó dhearcadh an duine faoi leith, bronn 1 MI ar a mhéad.**
Mar sin féin, ní chiallaíonn sin go gcaithfidh an freagra a bheith scríofa sa chéad phearsa.

**Roinn A**

Déanann na hiarrthóirí A (i) nó A (ii) nó A (iii)

A (i) **Seandálaí ag obair**

Tá gach gné d'obair seandálaí bailí e.g. an suíomh a roghnú,
an chéim phleanála, obair ar an láithreán, déantáin a dhátú, tuarascáil deiridh, etc..
Modh amháin chun nithe a dhátú, luaite agus mínithe = 1RI.
Dhá mhodh chun nithe a dhátú ainmnithe amháin = 1RI.
Suíomh a roghnú = 2RI ar a mhéad; Modhanna dátaithe = 2RI ar a mhéad;
Uirlisí + míniúcháin = 2SRS ar a mhéad;
Liosta d'uirlisí a d'úsáidtí gan aon mhíniú = 1RI.

A (ii) **Bean uasal i gcaisleán meánaoiseach.**

Ainm gné caisleáin + cur síos/feidhm = 1RI.
Liosta lom de ghnéithe caisleáin gan cur síos/feidhmeanna: 2 ghné = 1RI.
Caisleán amháin = 10 + 1 ar a mhéad.

A (iii) **Leasaitheoir reiligiúnach amháin le linn an Reifirméisin**

Caithfear leasaitheoir faoi leith (eg. Luther, Calvin, Henry VIII) a ainmniú nó a thabhairt le fios, ach ná bronn marcanna ar bith d'ainm an leasaitheora.
Mura luaitear ainm an leasaitheora, nó má bhíonn sé mícheart, ach go mbaineann an t-ábhar le leasaitheoir faoi leith, MI = 3 ar a mhéad.
I gcás Luther, caith leis an ábhar ar fad suas go dtí a oirniú agus é sin san áireamh mar 'chúlra', ie, 1 RI ar a mhéad.

I gcás Calvin, caith leis an ábhar ar fad suas go dtí a iompú go teagasc Luther agus é sin san áireamh
mar 'chúlra', ie, 1 RI ar a mhéad.
'Mí-úsáidí' luaite nó mínithe = 1 RI ar a mhéad.
Creideamh/teagasc mínithe = 1 RI.
Creideamh mar aon leis an teagasc Caitliceach ábhartha = 1 RI.
2 chreideamh/teagasc luaite amháin = 1 RI.
**Teagasc/creideamh = 3 RI ar a mhéad**

**Roinn B**

Déanann na hiarrthóirí B (i) nó B (ii) nó B (iii)

B (i) **Aontachtaí Ultach a bhí i gcoinne Rialtas Dúchais i dtús an fichiú céad.**

Tá imeachtaí/ ceisteanna a tharla roimh Acht um Rialú na hÉireann, 1920, bailí.
Cúiseanna le cur i gcoinne Rialtas Dúchais luaite amháin = 1RI ar a mhéad.
Cúis le cur i gcoinne Rialtas Dúchais ainmnithe agus mínithe = 1 RI.
*D'fhéadfadh cuntas bailí críochnú le briseadh an Chéad Chogadh Domhanda, 1914.*

B (ii) **Baill de pháirtí na Naitsithe ag míniú conas a tháinig Hitler i gcumhacht.**

Tá imeachtaí/ceisteanna a tharla roimh Lúnasa 1934 nuair a rinneadh Führer de Hitler bailí.
Caith le hábhar suas go dtí bainteacht Hitler sa Chéad Chogadh domhanda, agus é sin san áireamh, mar "chúlra", i.e., 1 RI ar a mhéad.
Liosta lom de thuairimí Hitler = 1 RI ar a mhéad.
Tuairimí Hitler, ainmnithe agus mínithe = 1 RI.
**Tuairimí = 3 RI ar a mhéad.**

B (iii) **Seanbhean ag míniú athruithe ar ról na mban ó 1945 i leith.**

Caithfidh baint a bheith ag an bhfreagra leis an tréimhse **i ndiaidh** 1945.
Tá gach gné d'athruithe ar ról na mban bailí, e.g. rochtain ar oideachas dara leibhéal saor in aisce, reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta, an ceart fónamh ar ghiúiré, colscaradh dlisteanaithe, ról méadaithe sa pholaitíocht, rochtain ar fhrithghiniúint, etc.
Gach gné d'athruithe ar stíl mhaireachtála ban ó 1945 i leith, e.g. sa bhaile, éadaí, caitheamh aimsire, iompar, cumarsáid etc. = 1 RI ar a mhéad.
Tá éifeachtaí na n-athruithe bailí.
**Marcáil na hATHRUITHE- luaite nó tugtha le fios**

## 5. Gluaiseachtaí Réabhlóideacha (30 marc)

### A. Foinsí D agus E - Meiriceá

A (i) Níl. Dúirt sé, "Rinne mé mó sheacht ndícheall é a sheachaint [ceannaireacht airm]", etc. 2M

A (ii) Mar go raibh Seoirse III ina Rí ar Shasana, namhaid réabhlóid Mheiriceá/ Bhí an dealbh déanta de luaidhe agus thiocfadh leo í a úsáid le haghaidh urchar . 2M

A (iii) D'fhorfheidhmigh sé rialacha dochta do shláintíocht agus leagan amach campaí/ Choinnigh sé taifid dhochta le haghaidh soláthairtí agus saighdiúirí/ Chuir sé oiliúint ar Gharda Onóra agus chuir siad siúd oiliúint ar dhaoine eile ansin/ Thug sé an druil cheart le haghaidh ruathair bheaignite / Thiomsaigh sé an 'Leabhar Gorm' d'ord agus smacht fear, etc. 2M

A (iv) Theip orthu an bua a fháil ar Washington nó é a ghabháil go luath sa Chogadh/ Ní raibh parlaimint na Breataine ar aon tuairim faoi leanúint leis an gcogadh/ Chuaigh an Fhrainc isteach sa chogadh mar chomhghuaillithe Mheiriceá/ Bhí eolas níos fearr ag na Meiriceánaigh faoina dtír-raon ná mar a bhí ag muintir na Breataine/ Baineadh an oiread sin faid as línte soláthair na Breataine is gur thosaigh siad ag cliseadh, etc.
**DHÁ** chúis gur chaill an Bhreatain an cogadh 2 + 2 = 4M

### B. Foinsí F - an Fhrainc

B (i) Bunreacht na ríochta a bhunú/ Athghiniúint an oird phoiblí a chur i bhfeidhm/ Fíorphrionsabail na monarcachta a choimeád
Cúis **AMHÁIN** ar bith 2M

B (ii) Bhí na daoine a ghlac an mionn ag gealladh nach mbeadh aon dul ar ais chun an Fhraince a dhéanamh níos fearr/ Bhí sé de rún acu bunreacht na ríochta nua a bhunú, rud a bheadh ina chéad chéim i dtreo athraithe/ Bhí siad ag iarraidh fhíorphrionsabail na monarcachta a choimeád, rud a thugann le fios gur theip ar Louis sin a dhéanamh/ Taispeánann an t-ionad inar glacadh an mionn in Versailles é féin go raibh na daoine sin i gcoinne an Rí, etc.
Cúis **AMHÁIN** ar bith 2M

B (iii) Pribhléidí na n-uaisle/ Casaoidí na dtútachán/ Bainteach i gCogadh Saoire Mheiriceá/ Glao ar na hEastáit Ghinearálta teacht le chéile/ Spreagtha ag smaointe na hEagnaíochta, etc.
**DHÁ** chúis bhailí ar bith. 2 + 2 = 4M

C. Marcáil an freagra ar phrionsabal an RI:
**[Uasmhéid MC = 10M     Uasmhéid MI = 2M]**
**MI**: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag;
0 marc = an-lag

Cuntas **AMHÁIN** go díreach 10 + 2 = 12M

**I gcás (a), gach "cúis" luaite agus mínithe go soiléir =1 RI.**
**Glac "cúis" faoi na ceannteidil seo a leanas AMHÁIN;**
***Luaite go lom gan aon mhíniú, 1m ar a mhéad***

- Spreagtha ag smaointe na hEagnaíochta.
- Córas cánachais éagóir.
- Easpa ionadaíochta i bparlaimint na Breataine.
- An Sléacht i mBostún.
- Boston Tea Party.
- An Chéad Chomhdháil Ilchríochach.

**I gcás (b), gach "gné" de Ré an Uafáis luaite agus forbartha go soiléir =1 RI.**
**Glac le gnéithe ó Ré an Uafáis faoi na ceannteidil seo a leanas AMHÁIN;**
***Luaite go lom gan aon mhíniú, 1m ar a mhéad an ceann***

- Cur ar bun Coiste Sábháilteachta Poiblí, cúiseanna agus na daoine lenar bhain.
- Dlí na nAmhrastach/Íospartach.
- Dlí an Uasmhéid/ Rialú Praghsanna
- Éirí amach, mar shampla sa Vendée.
- Modhanna cur chun báis.
- Deireadh an Uafáis.

**I gcás (c), gach "iarmhairt" den Éirí Amach 1798 ceann luaite agus forbartha go soiléir = 1 RI.**
**Glac le hiarmhairtí an Éirí Amach faoi na ceannteidil seo a leanas AMHÁIN;**
***Luaite go lom gan aon mhíniú, 1m ar a mhéad an ceann***

- Spreag leibhéal an doirte fola roinnt ceannairí náisiúnacha chun triail a bhaint as modhanna bunreachtúla, e.g. Dónall Ó Conaill
- Maraíodh na sluaite
- Naimhdeas i gcoinne na Breataine.
- Acht an Aontais, 1801.
- D'éirigh na deighiltí idir Caitlicigh agus Protastúnaigh níos mó.
- Spreag sé éirí amach amach anseo in Éirinn, e.g. Robert Emmet, Éirí Amach na Cáisce.

Cuntas **AMHÁIN** go díreach 10 + 2 = 12M

**6A LUATH-CHRÍOSTAÍ NA hÉIREANN** **(30 marc)**

(i) Ard-mhanach i mainistir/ Coimeádann sé smacht mainistreach/ Cuireann sé pionós ar aimhleastóirí nuair is cuí/ Tá sé i gceannas ag an Oifig Dhiaga, etc.
Ról bailí **AMHÁIN** 2M

(ii) Foirgneamh mainistreach / Saothair ealaíne mainistreacha (e.g. cloigthithe, ardchrosa, lámhscríbhinní maisithe) / Meathlú na págántachta/ Meathlú ar chumhacht na ndraoithe/ Ionaid oideachais agus foghlama, etc.
**DHÁ** éifeacht bhailí ar bith. 2 + 2 = 4M

(iii) Gleann Dá Loch + Caoimhín/ Cluain Mhic Nóis + Ciarán/ Aird Mhóir + Déagláin/ Doire + Colm Cille (suas le 30 mainistir in áiteanna eile freisin)/ Cluain Ard + Fionnán, etc.
**DHÁ** cheann ar bith den mhéid thuas 2 + 2 = 4M

(iv) Marcáil na freagraí ar phrionsabal an RI
[**Uasmhéid MC = 8M Uasmhéid MI = 2M]**
**MI**: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-la

**DHÁ** chuntas le bheith scríofa (8 + 2) x 2 = 20M

**6 B PLANDÁIL IN ÉIRINN** **(30 marc)**

(i) Ghéill tiarna talún Gaelach a thalamh (agus thug sé mionnú dílseachta) don Rí a thug a thalamh ar ais (athbhronn) dó faoi dhlí Shasana (le teideal Béarla mar Iarla) 2M

(ii) Chun stad a chur le hionsaí ar an bPáil/ Chun Éire a choinneáil faoi smacht/ Chun saighdiúirí nó searbhóntaí na coránach a íoc/ Chun an Protastúnachas a scaipeadh/ Chun cosc a chur ar Éirinn a bheith á húsáid mar bhonn chun ionsaí a dhéanamh ar Shasana, etc.
**DHÁ** chúis ar bith le plandálacha 2 + 2 = 4M

(iii) ***Bábhún*** Imfhálú múrtha. “Imfhálú” = 1M
***An Pháil:*** Ceantar thart ar Bhaile Átha Cliath faoi riail dhíreach Shasana/ Ceantar thart ar Bhaile Átha Cliath ina ngeofaí dlíthe agus gnásanna Shasana. ‘Ceantar geografach’/ ‘Ceantar faoi rialú díreach Shasana’/ ‘Ceantar ina gcleachtaí dlíthe agus gnásanna Shasana’ = 1M.
***Seirbheoir:*** Státseirbhísigh/ Oifigigh airm a fuair eastáit le linn Phlandáil Uladh. “Duine a fuair talamh” = 1M

**DHÁ** shainmhíniú bhailí. 2 + 2 = 4M

(iv) Marcáil ar phrionsabal an RI:
[**Uasmhéid MC = 8M Uasmhéid MI = 2M]**
**MI**: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag

**N.B. Bronnfar na marcanna as iarmhairtí bailí plandálacha atá sonraithe go soiléir, bídís ina bplandálacha gearrthéarmacha nó fadtéarmacha**

**DHÁ** chuntas le bheith scríofa (8 + 2) x 2 = 20M

**6 C FORBAIRTÍ POLAITIÚLA SA 20ú hAOIS IN ÉIRINN (30 marc)**

(i) Mearbhall ag an gcéim phleanála/ Easpa arm/ Easpa líonta/ Teoranta do Bhaile Átha Cliath den chuid ba mhó/ Straitéis foirgnimh lár Bhaile Átha Cliath a ghabháil agus targaid a dhéanamh dóibh, etc.
Cúis **AMHÁIN** ar bith as an teip mhíleata 2M

(ii) Comhbhá do cheannairí Éirí Amach na Cásca 1916 a cuireadh chun báis/Sinn Féin i gcoinne an choinscríofa/ Míshástacht le Páirtí Parlaiminteach na hÉireann/ Theastaigh Poblacht ó mhuintir na hÉireann anois, etc.
**DHÁ** chúis bhailí. 2 + 2 = 4M

(iii) ***An Scuad:*** Grúpa fear a mharaigh daoine ar orduithe ó Michael Collins/ An "Dá Aspal Déag" a rinne na maruithe
'Grúpa fear a rinne na maruithe', leis féin = 1M.

***Colúin Reatha:*** Aonaid IRA a d'úsáid bearta buille is teitheadh/ Grúpaí trodaithe IRA lánaimseartha. 'Baill den IRA' = 1M

***Saighdiúirí cúnta:*** Iar-oifigigh arm na Breataine earcaithe chun troid in éadan na reibiliúnach/ Rannán na bPóilíní. 'Throid siad in aghaidh an IRA' = 1M

**DHÁ** théarma mínithe 2 + 2 = 4M

(iv) Marcáil ar phrionsabal an RI: [**Uasmhéid MC = 8M Uasmhéid MI = 2M]**

**MI**: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag

(a) Caith le hábhar suas go dtí bunú an ITGWU agus é sin san áireamh mar "chúlra", i.e. 1 RI ar a mhéad.
(c) Caithfidh an bhéim a bheith ar **"éachtaí**".

**DHÁ** chuntas le bheith scríofa (8 + 2) x 2 = 20M

**6 D CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SA 20ú hAOIS (30 marc)**

(i) Cuireadh an locht orthu as an gcogadh/ Leorghníomhartha/ Chaill siad a gcoilíní/ Dímhíleatú Dhúiche na Réine, etc.
Cúis bhailí **AMHÁIN** ar bith 2M

(ii) ***An Cogadh Bréige:*** (I ndiaidh ionradh na Naitsithe ar an bPolainn), ní dhearna mór-oibríochtaí míleata na gComhghuaillithe/na Gearmáine (ar feadh ocht mí)
***Oibríocht* Sealion:** Códainm do phlean Gearmánach chun talamh de chuid na Ríochta Aontaithe a ionradh (nár cuireadh i ngníomh choíche).
***D-Day:*** Lá theacht i dtír san Normainn/ ag cur tús le hiarracht Chomhghuaillithe an Iarthair chun mórthír na hEorpa a fhuascailt ó fhorghabháil na Naitsithe le linn an Dara Cogadh Domhanda.

**DHÁ** mhíniú bhailí ar bith. 2 + 2 = 4M

(iii) Marcáil ar phrionsabal an RI: [**Uasmhéid MC = 8M Uasmhéid MI = 2M]**
MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag

(a) Caith le forbairtí sa Dara Cogadh Domhanda suas go dtí Cath Dunkirk mar "chúlra", 1RI ar a mhéad.
(b) Bronn 1 RI ar a mhéad do thagairt do Chath na Breataine.
(c) Caith le "hOibríocht Barbarossa" mar chúlra i.e. 1RI ar a mhéad.

Cuntas **AMHÁIN** le bheith scríofa 8 + 2 = 10M

(iv) Caithfidh na hiarrthóirí roghnú ó Thopaic 1 NÓ ó Thopaic 2 NÓ ó Thopaic 3 thíos:

**1 RI AR A MHÉAD LE hAGHAIDH IARMHAIRTÍ**

**Topaic 1 - Éirí na Sárchumhachtaí**

(i) Córais pholaitiúla éagsúla [cumannachas agus caipitleachas]/ Chreid Stalin gur mhoilligh an Bhreatain agus na Stáit Aontaithe teacht i dtír D-Day ionas go bhfulaingeodh an tAontas Sóivéadach/ Dhiúltaigh na Stáit Aontaithe rúin an bhuama adamhaigh a roinnt leis na Rúisigh, etc.

Cúis bhailí **AMHÁIN** ar bith 2M

(ii) Cuntas ar ghéarchéim ainmnithe de chuid an Chogaidh Fhuair idir SAM agus APSS, 1945-1963:

**<u>Imshuí Bheirlín:</u>** Caith le hábhar suas go dtí roinnt Bheirlín, agus é sin san áireamh, ina 4 chrios mar "chúlra", i.e., 1 RI ar a mhéad.
**NÁ** glac le Comhaontú Vársá nó Balla Bheirlín mar iarmhairtí an Imshuí.
**<u>Cogadh na Cóiré:</u>** Caith le hábhar suas go dtí deighilt na Cóiré in 1945, agus é sin san áireamh, mar "chúlra", i.e., 1 RI ar a mhéad.
**<u>Géarchéim Dhiúracán Chúba</u>:** Caith le hábhar suas go dtí ionradh Chuan na Muc 1961, agus é sin san áireamh, mar "chúlra", i.e., 1 RI ar a mhéad.

Marcáil ar phrionsabal an RI: [**Uasmhéid MC = 10M Uasmhéid MI = 2M]**
MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag
12M

**Topaic 2 - Gluaiseachtaí i dtreo Aontacht na hEorpa**

(i) Chuirfeadh cómhargadh borradh faoi fhás eacnamaíoch na náisiún Eorpach/ Mian cogadh Eorpach eile a chosc / Ní thiocfadh le tíortha Eorpacha aonair dul san iomaíocht leis an dá shárchumacht, etc.
Cúis bhailí **AMHÁIN** ar bith. 2M

(ii) Cuntas ar bith ar imeachtaí a raibh aontacht Eorpach níos mó mar thoradh orthu, 1973-1992
Caith le himeachtaí roimh 1973 mar "chúlra" 1 RI ar a mhéad.

Marcáil ar phrionsabal an RI: [**Uasmhéid MC = 10M Uasmhéid MI = 2M]**
MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag
12M

**Topaic 3 - Náisiúnachas na hAfraice nó na hÁise**

(i) Ghéill tíortha Eorpacha d'fheachtais neamhspleáchais bhríomhara sna hiarchoilíní/ D'éirigh sé níos fusa neamhspleáchas a ghéilleadh nó iarracht a dhéanamh spleáchas a choinneáil/ Rinneadh na tíortha Eorpacha a lagú leis an gcogadh, etc
Cúis bhailí **AMHÁIN** ar bith 2M

(ii) Cuntas ar streachail neamhspleáchais tíre **ainmnithe** de chuid na hAfraice nó na hÁise ó 1945 i leith

Caith le himeachtaí roimh 1945 mar "chúlra", i.e., 1 RI ar a mhéad.

Marcáil ar phrionsabal an RI: [**Uasmhéid MC = 10M Uasmhéid MI = 2M]**
MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag
12M